# SEACHBHÓTHAR N3 - ACHADH AN IÚIR

# N3 VIRGINIA BYPASS

*Comhairliúchán Poiblí Uimh. 1*
*ROGHNÚ ROGHANNA SRIANTA AGUS RÉAMHROGHANNA*

## Public Consultation No 1
**OPTIONS SELECTION - CONSTRAINTS & INITIAL PRELIMINARY OPTIONS**

Márta 2020 / **March 2020**





Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

comhairle chontae na mí
meath county council

BARRY TRANSPORTATION

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

### *Réamhrá*

*D'fhógair Rialtas na hÉireann Tionscadal Éireann 2040 i mí Feabhra 2018. Tá an Creat Náisiúnta Pleanála agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 mar bhonn agus thaca ag an tionscnamh beartais sin.*

*Ceann de na Deich gCuspóir Straitéiseacha a sainaithníodh i dTionscadal Éireann 2040 is ea barr feabhais a chur ar inrochtaineacht sna réigiúin, go háirithe i Réigiún an Tuaiscirt agus i Réigiún an Iarthair. Tá Seachbhóthar an N3-Achadh an Iúir ar cheann de na stráicí bóthair a luadh go sonrach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus cuirfidh sé feabhas suntasach ar an inrochtaineacht agus na hagaí aistir idir Baile Átha Cliath, Baile an Chabháin agus Réigiún an Iarthuaiscirt.*

*Faoi choimirce Bhonneagar Iompair Éireann, chuir Comhairle Contae an Chabháin tús sa bhliain 2018 le tionscadal nua a fhorbairt do Sheachbhóthar an N3-Achadh an Iúir, i gcomhréir leis na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann. Mar thoradh ar an méid ama atá imithe thart, ar na hathruithe suntasacha a rinneadh ar chaighdeáin deartha agus ar bhreithniúcháin timpeallachta agus ar an méadú suntasach atá tagtha ar an trácht, tá sé riachtanach an tionscadal a mheasúnú an athuair.*

*Tá an coimisiún reatha á reáchtáil chun an tionscadal a thabhairt trí Chéim na Pleanála agus trí Chéim an Deartha.*

### *Cuspóirí an Tionscadail*

*Socraíodh roinnt cuspóirí le haghaidh an tionscadail, lena n-áirítear:*

- *barr feabhais a chur ar inrochtaineacht sna réigiúin;*
- *barr feabhais a chur ar agaí aistir; agus*
- *barr feabhais a chur ar shábháilteacht feadh an bhealaigh.*

### *An Chéim Reatha*

*I láthair na huaire, tá an tionscadal ag Céim 2 (Roghnú Roghanna) de na Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail ó Bhonneagar Iompair Éireann. Mar chuid de cheann de na chéad chéimeanna den roghnú roghanna, scrúdaítear limistéar ar laistigh de a d'fhéadfaí gach ceann de na réitigh fhéideartha a shainaithint. Tugtar "Limistéar an Staidéir" ar an limistéar sin, rud atá socraithe anois agus atá le feiceáil sa bhróisiúr seo.*

### Introduction

Project Ireland 2040 was announced by the Irish Government in February 2018. This policy initiative is underpinned by the National Planning Framework (NPF) and the National Development Plan (NDP) 2018 to 2027.

One of the Ten Strategic Outcomes identified by Project Ireland 2040 is to enhance regional accessibility, particularly in the Northern and Western regions. The N3 Virginia Bypass is one of the sections of road specifically highlighted in the NDP 2018 - 2027 and it will significantly improve accessibility and journey times between Dublin, Cavan Town and the North West Region.

In 2018, Cavan County Council under the aegis of the TII, commenced development of a new project for the N3 Virginia Bypass, in accordance with TII's Project Management Guidelines. In view of the time that has elapsed, the significant changes to design standards and environmental considerations and the substantial increase in traffic volumes, it has been necessary to re-appraise the project.

The current commission is to bring the project through the Planning and Design Phases.

### Project Objectives

A number of objectives have been established for the project including:

- improving regional accessibility,
- improving journey times; and
- improving safety along the route.

### The Current Stage

The project is currently at Phase 2 (Options Selection) of the TII Project Management Guidelines. One of the first stages of the options selection includes an examination of an area, within which all possible solutions could be identified. This area is referred to as the "Study Area", which has now been established and is depicted in this brochure.

### *Céim 1 (Measúnú ar Réamhroghanna).*

*Laistigh de Limistéar an Staidéir, sainaithníodh srianta tosaigh agus cuireadh tús leis an obair pleanála agus deartha ach roghanna féideartha tosaigh a shainaithint. Déanfar breithniú freisin ar an N3 atá ann cheana a fheabhsú, lena n-áireofar leathnú ar líne agus bearta bainistíochta tráchta.*

### *Cad a Tharlóidh Ansin?*

*Ag teacht sna sála ar an gComhairliúchán Poiblí seo agus sna míonna atá le teacht, forbróimid na roghanna tosaigh agus déanfaimid measúnú ar an tionchar féideartha ar na srianta a sainaithníodh. Measúnófar na roghanna tosaigh sin faoi thrí chritéar, atá mar seo a leanas:*

- ***Innealtóireacht*** • ***Timpeallacht*** • ***Geilleagar***

*Beidh sé mar aidhm ag an measúnú sin gearrliostú a dhéanamh ar na roghanna a thabharfar ar aghaidh chuig Céim 2 (Maitrís Breithmheasa Tionscadail) le haghaidh breithniú mionsonraithe breise.*

### *I gCéim 2 (Maitrís Breithmheasa Tionscadail)*

*de Chéim an Roghnaithe Roghanna, déanfar measúnú mionsonraithe, bunaithe ar na critéir seo a leanas, ar na roghanna arna ngearrliostú i gCéim 1:*

- *Geilleagar* • *Timpeallacht* • *Sábháilteacht*
- *Inrochtaineacht agus Cuimsiú Sóisialta*
- *Comhtháthú* • *Gníomhaíocht Fhisiciúil*

*Meastar go gcuirfear Dara Comhairliúchán Poiblí ar siúl i dtreo dheireadh na bliana 2020, ar lena linn a chuirfear in iúl na fionnachtana ó Chéim 1 (Measúnú ar Réamhroghanna) agus na réamhfhionnachtana ó Chéim 2 (Maitrís Breithmheasa Tionscadail) agus a chuirfear an Rogha Roghnaithe Éiritheach i láthair.*

### I gCéim 3

I gCéim 3 de Chéim an Roghnaithe Roghanna, sainaithneofar Rogha Roghnaithe a chuirfear ar taispeáint ansin le linn Comhairliúchán Poiblí sa todhchaí, a mheasfar a bheith ar siúl in earrach na bliana 2021.

### Aiseolas

Is féidir leat aiseolas a thabhairt don fhoireann ar na bealaí seo a leanas:

- Labhairt le hionadaí don fhoireann tionscadail ag an ócáid comhairliúcháin phoiblí agus foirm aiseolais a líonadh isteach;
- Foirm aiseolais a thabhairt abhaile leat agus í a sheoladh ar ais sa chlúdach saorphoist faoin 27 Márta 2020;
- Úsáid a bhaint as an rannán aiseolais ar ár suíomh Gréasáin tionscadail ag www.n3virginiabypass.ie
- Ríomhphost a sheoladh chugainn ag n3virginiabypass@jbbarry.ie

### Stage 1 (Preliminary Options Assessment).

Within this Study Area, initial constraints have been identified and the planning and design work has commenced with the identification of initial potential options. An option for improvement of the existing N3, including online widening or traffic management measures, shall also be considered.

### What Happens Next

Following on from this Public Consultation and over the coming months, we will develop the initial options and undertake an assessment of the potential impacts on the constraints identified. These initial options will be assessed under three criteria:

- Engineering • Environment • Economy

The assessment will aim to shortlist the number of options that will be brought forward to Stage 2 (Project Appraisal Matrix) for further detailed consideration.

### Stage 2 (Project Appraisal Matrix)

of the Option Selection Phase will involve a detailed assessment of the options shortlisted from Stage 1 under the following criteria:

- Economy • Environment • Safety
- Accessibility and Social Inclusion
- Integration • Physical Activity

A Second Public Consultation, communicating the findings from the Stage 1 (Preliminary Options Assessment), the preliminary findings of the Stage 2 (Project Appraisal Matrix) and presenting the Emerging Preferred Option is envisaged to take place towards the end of 2020.

### Stage 3

Stage 3 of the Option Selection Phase will identify a Preferred Option which will then be displayed at a future Public Consultation; envisaged during Spring of 2021.


### Feedback

You can provide feedback to the team by:

- Speaking to a project team representative at the public consultation event and filling in a feedback form;
- Taking a feedback form away with you and returning it using the freepost envelope by 27th March 2020;
- Using the feedback section on our project website at www.n3virginiabypass.ie
- Emailing us at n3virginiabypass@jbbarry.ie

## *LIMISTÉAR AN STAIDÉIR AGUS RÉAMHROGHANNA TOSAIGH*

## STUDY AREA & INITIAL PRELIMINARY OPTIONS



## PROGRAMME
*CLÁR*


| | | |
|---|---|---|
| Phase 0 – Scope & Pre-Appraisal | | Completed 2018 |
| Phase 1 – Concept & Feasibility | | Completed December 2019 |
| Phase 2 – Options Selection | | We Are Here |
| | Constraints Identification | Ongoing |
| | Stage 1 – Preliminary Options Assessment | Ongoing |
| | Stage 2 – Project Appraisal Matrix | Envisaged end 2020 |
| | Stage 3 – Preferred Option | Envisaged Spring / Summer 2021 |
| Phase 3 Design and Environmental Evaluation | | Commencement envisaged Spring / Summer 2021* |
| Phase 4 Statutory Processes | | Publish EIAR / CPO envisaged Summer / Autumn 2022* |

* subject to approval to proceed.


| | | |
|---|---|---|
| Céim 0 – Scóip agus Réamh-Bhreithmheas | | Críochnaíodh an obair seo sa bhliain 2018 |
| Céim 1 – Coincheap & Indéantacht | | Críochnaíodh an obair seo i mí na Nollag 2019 |
| Céim 2 – Roghnú Roghanna | | Táimid Anseo |
| | Srianta a Shainaithint | Tá an obair seo ar siúl |
| | Céim 1 – Measúnú ar Réamhroghanna | Tá an obair seo ar siúl |
| | Céim 2 – Maitrís Breithmheasa Tionscadail | Samhlaítear go mbeidh an obair seo ar siúl ag deireadh na bliana 2020 |
| | Céim 3 – Rogha Roghnaithe | Samhlaítear go mbeidh an obair seo ar siúl in Earrach / Samhradh na bliana 2021 |
| Céim 3 – Dearadh agus Measúnacht Timpeallachta | | Samhlaítear go dtosófar an obair seo in Earrach / Samhradh na bliana 2021* |
| Céim 4 – Próisis Reachtúla | | An Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a fhoilsiú / Samhlaítear go n-eiseofar orduithe ceannaigh éigeantaigh i Samhradh / Fómhar na bliana 2022* |

* faoi réir ceadú a fháil chun dul ar aghaidh.

# N3 VIRGINIA BYPASS
## Public Consultation Roadmap




# SEACHBHÓTHAR AN N3 - ACHADH AN IÚIR
## Treochlár don Chomhairliúchán Poiblí










BARRY TRANSPORTATION